



# An Bord Bainistíochta Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg

Rúnaí/Príomhoide: Dónal Ó hAiniféin

Cathaoirleach: Caomhán Ó Conghaile

## Ráiteas Um Chumhdach Leanaí

Is Gaelscoil í an scoil seo a chuireann oideachas lán ghaeilge bunscoile ar fail do dhaltaí ó Naónáin Shóisearacha go dtí an Séú Rang.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*, agus Treoir Thusla maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a Chur le Chéile, tá toilithe ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.

- 1 Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* na Roinne agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.
- 2 Is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná Dónal Ó hAiniféin
- 3 Is é an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (D/DIA) ná Eithne Ní Dhonaile
- 4 Admhálann an Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fíte le gach gné de shaol na scoile agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na scoile. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdarás reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí;
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhearr an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirfi drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thusas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

- 5 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas ar bun:

- I gcas baill ar bith den fhoireann is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúnse i leith linbh atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus leis na nósanna imeachta ábhartha aráfonachta do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne.
  - Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn an scoil le riachtanais reachtúla grinnfhiorsúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiorsúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bháineann le grinnfhiorsúchán agus earcaíocht agus atá arna bhfoilsíú ag an ROE agus le fail ar shuíomh idirlín na ROE.



# An Bord Bainistíochta Gaelscoil Mhíchíl Ciosóig

Rúnaí/Príomhoide: Dónal Ó hAiniféin

Cathaoirleach: Caomhán Ó Conghaile

- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht fairne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an scoil na nithe seo a leanas -
  - Cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann
  - A chinntí go gcuirfear cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann
  - Lucht fairne a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Comhaltaí den Bhord Bainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Coimeádann an Bord Bainistíochta taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht fairne agus ar chomhaltaí den Bhord
- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball fairne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Sa scoil seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an “duine cuí” (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teaghmála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.
- Daoine sainordaithe is ea gach múinteoir cláraithe arna fhostú ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do leanbh a bheadh ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú mar agusín leis na nósanna imeachta seo.
- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí shuíomh idirlín na scoile, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an scoil ar fáil iad ach iad a iaraidh.

**Nóta:** Níl sé i gceist go mbeadh an liosta thusa ina liosta uileghabhálach. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa rannán seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil i gceist.

- 6 Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé tugtha do gach ball de lucht fairne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iaraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fail do Thusla agus don Roinn ach ceann a iaraidh.
- 7 Athbhreithneofar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d’athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar **27 Feabhra 2018**.

Síniú:

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Síniú:

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta

Dáta: **27 Feabhra 2018**

Dáta: **27 Feabhra 2018**

# Ráiteas Um Chumhdach Leanaí – G.M.C.



Tá ceangal ar an mBord Bainistíochta faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* tabhairt faoi athbhreithniú ar a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí agus go mbainfear leas as an liosta seiceála seo a leanas chun na críche sin. Caithfear an t-athbhreithniú a chur i gcrích gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas. Trí athbhreithniú a dhéanamh cinnteoidh an scoil chomh maith go bhfuil sí ag sásamh na hoibleagáide reachtúla atá uirthi faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach dhá bhliain.

Tá an liosta seiceála seo ceaptha mar chúnamh chun an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina liosta uileghabhálach de na ceisteanna atá le machnamh. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa liosta seiceála nithe eile atá ábhartha don scoil i gceist.

Mar chuid den phróiseas foriomlán athbhreithnithe, is ceart do Bhoird Bhainistíochta beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha de chuid na scoile a mheas féachaint an bhfuil siad ag cloí le prionsabail an dea-chleachtais cosanta agus leasa leanaí de réir mar atá siad leagtha amach i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*.

	Tá/Níl
1. An bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá de réir na <i>Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017</i> ?	Tá
2. Mar chuid de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí, an bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord, gan athrú ná leasú, leis na <i>Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017</i> ?	Tá
3. An bhfuil measúnacht scríofa riosca san áireamh i Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí de réir mar a fhóráinn an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015?	Tá
4. An bhfuil an mheasúnacht scríofa riosca athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an mBord áit is gá mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?	Tá
5. An bhfuil freastalta ag an DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	Tá
6. An bhfuil freastalta ag an Leas-DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil?	Tá
7. An bhfuil freastalta ag comhaltaí ar bith den Bhord ar oiliúint maidir le cosaint leanaí?	Tá
8. An bhfuil DIA mar aon le Leas-DIA ceaptha faoi láthair?	Tá
9. An bhfuil na sonrai teagmhála bainteacha (Tusla agus an Garda Síochána) ar láimh?	Tá
10. An bhfuil socruithe ar bun ag an mBord chun Ráiteas an Bhoird maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar eolas do phearsanra nua scoile?	Tá
An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil an lucht fairne ar fad curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> agus an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015?	Tá
12. An bhfuil Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord ag gach cruinníú den Bhord a tionóladh ó tugadh faoin athbhreithniú is déanaí?	Tá
13. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go ndearna an DIA tuairisci cosanta leanaí ar bith chuig Tusla/An Garda Síochána?	NÍL
14. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann inar iarr an DIA comhairle ó Thusla agus, de dheasca na comhairle seo, nach ndearnadh tuairisc ar bith chuig an FSS?	NÍL
15. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann ina ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí in aghaidh baill ar bith de lucht fairne na scoile?	NÍL
16. An bhfuil na cáipéisí go léir a bhaineann le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide faighte ag an mBord agus an bhfuil siad go léir athbhreithnithe ag an mBord?	Tá
17. An bhfuil an Bord cinnte de gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí maidir le tuairisci a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air?	Tá
18. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil gach beart cuí á dhéanamh nó déanta i ndáil le ball ar bith de lucht fairne na scoile a ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí ina (h)aghaidh ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí?*	Tá
19. An bhfuil tuairisci maidir le cosaint leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairisci an Bhoird?	Tá
20. An bhfuil an Bord cinnte de go ndéantar na taifid ar fad maidir le cosaint leanaí a chur ar comhad mar ba chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte?	Tá
21. An bhfuil fógra faighte ag an mBord ó thuismitheoir ar bith maidir le gan an fógra caighdeánach atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> bheith faighte ag an tuismitheoir sin?	Níl




22. Maidir le cásanna ar bith a sonraíodh ag ceist 21 thusas, an bhfuil cinntithe ag an mBord gur chuir an DIA amach ina dhiaidh sin fógraí ar bith atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017?	Tá
23. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dá leithéid)?	Tá
24. An bhfuil cinntithe ag an mBord gur cuireadh Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil don phátrún?	Tá
25. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do na tuismitheoirí ar a iarraidh?	Tá
26. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an clár Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le bunscoileanna)	Tá
27. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil? (baineann le hiar-bhunscoileanna)	Ní Bhaineann
28. An bhfuil cinntithe ag an mBord go bhfuil an curaclam OSPS á chur i bhfeidhm go hiomlán sa scoil?	Tá
29. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinnfollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)? *	Tá
30. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinnfollacha na Roinne maidir le dearbhú reachtúil i ndáil le cosaint leanáí a chur ar fáil agus maidir le gealltanais bainteach a thabhairt, i gcás gach duine a ceapadh i bpost múinteoireachta nó i bpost nach post múinteoireachta atá ann?*	Tá
31. An bhfuil an Bord cinnte de go mbíonn, ó thaobh cúrsaí cosaint leanáí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an scoil i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na scoile (fostaithe agus oibrithe deonacha)?*	Tá
32. An bhfuil machnamh déanta agus aghaidh tugtha ag an mBord ar aon ghearáin nó moltaí ar mhaithle feabhsú i ndáil le Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí?	Tá
33. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na tuismitheoirí maidir le géilliúlacht na scoile le riachtanais cumhdaithe leanáí na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017?	Tá
34. An bhfuil aiseolas iarrtha ag an mBord ó na daltaí maidir le socruithe na scoile don chumhdach leanáí?	Níl
35. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 á gcur i bhfeidhm go hiomlán agus go leordhóthanach sa scoil?	Tá
36. An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith?	Tá
37. An bhfuil plean gníomhaíochta lena n-airítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhoindul i ngleic leis na gnéithe sin de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith?	Tá
38. An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leordhóthanach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith?	Tá

\*I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna ina fhostóir, is ar an mBord Oideachais agus Oiliúna i gceist atá an fhreagracht na riachtanais sin atá ar an bhfostóir a chomhlíonadh. Insna cásanna sin, ba chóir an cheist sin a chur i gcríoch ar dhul i gcomhairle leis an mBord Oideachais agus Oiliúna.

Sínithe  Dáta: 27 Feabhra 2018

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe  Dáta: 27 Feabhra 2018

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta



## Measúnacht Scríofa Gaelscoil Mhíchíl Cíosog

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an cheanglais i gCaibidil 8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017, is mar seo a leanas an Mheasúnacht Riosca Scríofa de chuid Gaelscoil Mhíchíl Cíosog.

### 1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile

- Teacht agus imeacht na ndaltaí gach lá
- Sosanna áineasa do na daltaí
- Múineadh sa seomra ranga
- Múineadh duine-le-duine le hoidí ón bhF.O.S.
- Gníomhaíochtaí múinte amuigh fén spéir
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Turais scoile a bhfuil cuairt thar oíche ag gabháil leo
- Turais scoile a bhfuil taisteal thar lear ag gabháil leo
- Úsáid ionad leithris/malartaithe
- Lá Bliantúil an Spóirt GMC
- Ócáidí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí gafa leo
- Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile do ghníomhaíochtaí scoile
- Socruithe don iompar scoile
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dlúthchúram áit is gá
- Iompraíocht dhúshláinach i measc daltaí a bhainistiú, úsáid chuí srianta áit is gá
- Dáileadh Cógais
- Dáileadh Garchabhrach
- Soláthar curaclaim i leith OSPS, OCG, Bí Sábháilte
- Bulaíocht a chosc agus caitheamh leis an mbulaíocht i measc na ndaltaí
- Oiliúint na foirne scoile maidir le cúrsaí cosanta leanaí
- Úsáid foirne lasmuigh den scoil chun an curaclar a fhorlónadh
- Úsáid foirne lasmuigh chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
- Cúram daltaí a bhfuil soghontacthaí/riachtanais shainiúla acu de nós
  - Daltaí de bhunadh mionlach eitneach/imircigh
  - Baill den Lucht Siúil
  - Leanaí atá leispiach, aerach, déghnéisach nó trasinscneach
  - Daltaí a mheastar a bheith leispiach, aerach, déghnéisach nó trasinscneach
  - Daltaí a bhaineann le creidimh reiligiúnacha mionlaigh
  - Leanaí i gcúram
  - Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí
- Earcú foirne scoile ar a n-áirítear -
  - Múinteoirí/CRSanna
  - Feighlí/Rúnaí/Glantóirí
  - Cónaitheoirí Spóirt
  - Teagascóirí Seachtracha /Aoi-Chainteoirí
  - Oibrithe deonacha /Tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí scoile
  - Cúairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile
  - Cúairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil tar éis gníomhaíochtaí scoile

## **1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile - leanúnach**

- Rannpháirtíocht ag daltaí i searmanais reiligiúnacha /teagasc reiligiúnach atá seachtrach ón scoil
- Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil
- Cur i bhfeidhm pionós faoi Chód Iompraíochta na scoile coinneál istigh daltaí, coigistíú fón etc san áireamh
- Mic léinn atá rannpháirteach in taithí oibre sa scoil
- Mic léinn as an scoil atá rannpháirteach in taithí oibre in áiteanna eile
- Ábhar múinteora atá ag déanamh socraíochtaí oiliúna sa scoil
- Úsáid fiseán/fótagraíochta/meán eile chun ócáidí scoile a thaifead
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile tar éis uaireanta scoile
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile
- Féile na hInse, Féile Scoildrámaíochta, Gala Snámh, taifeadadh cláracha teilihise.

## **2. Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an scoil i leith a cuid gníomhaíochtaí –**

- An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile
- An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile
- An riosca go ndéanfadhbh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadhbh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadhbh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadhbh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snáma
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó aosach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh agus dlúthchúram á fháil ag an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chód iompraíochta nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag déanamh cumarsáide le daltaí go míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile

**3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas ar bun ag an scoil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála atá sonraithe sa mheasúnacht seo -**

- Tá cóip de *Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
- Tá cóip de *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
- Éiltear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus éiltear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*
- Cuireann an scoil Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán
- Cuireann an scoil an curaclam OSPS i bhfeidhm go hiomlán
- Cuireann an scoil Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm go hiomlán
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* na Roinne
- Tá beartas maoirseachta ar an gclós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntíú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí le linn tionól, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.
- Tá beartas agus nósannaimeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith eirí ón scoil
- Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil
- Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Siochána agus na gciorclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Siochána
- Tá coid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc)
- Cloíonn an scoil leis na nósannaimeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá beartas Riachtanas Speisialta Oideachais ag an scoil
- Tá beartas/plean don dlúthchúram ag an scoil i leith daltaí a bhfuil cúram dá leithéid uathu
- Tá beartas/nósannaimeachta ar bun ag an scoil do dháileadh cóbais ar dhaltaí
- Tá na nithe seo a leanas déanta ag an scoil –
  - Tá cóip de *Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball d'fhoireann na scoile
  - Cinntíonn an scoil go bhfuil cóip de *Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí* tugtha do gach ball nua d'fhoireann na scoile
  - Spreagtar lucht foirne chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Spreagtar comhaltaí an bhoird bhainistíochta leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Coimeádann an scoil taifid de gach oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann agus ar chomhaltaí den bhord
- Tá beartas/nósannaimeachta ar bun ag an scoil do dháileadh na Garchabhrach
- Tá coid iompraíochta ag an scoil do dhaltaí
- Tá beartas TFC ar bun ag an scoil i leith úsáide na TFC ag daltaí
- Tá beartas fóin phóca ar bun ag an scoil i leith úsáide fón pórca ag daltaí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil ar bun ag an scoil
- Tá Beartas Teagmhála Baile Scoile agus nósannaimeachta gaolmhara ar bun ag an scoil
- Tá beartas agus nósannaimeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide daoine seachtracha chun seachadadh an churaclaim a fhíorlónadh
- Tá beartas agus nósannaimeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide cónitseálaithe spóirt
- Tá beartas agus nósannaimeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith gníomhaíochtaí teagaisc duine-le-duine
- Tá beartas agus nósannaimeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith comhairlithe duine-le-duine
- Tá beartas agus nósannaimeachta ar bun ag an scoil i leith socrúchán d'ábhair múinteora
- Tá beartas agus nósannaimeachta ar bun ag an scoil i leith mac léinn atá ag tabhairt faoin taithí oibre sa scoil
- Tá beartas agus nósannaimeachta ar bun ag an scoil i leith daltaí as an scoil atá ag tabhairt faoin taithí oibre in eagraíochtaí seachtracha

**Nóta Tábhachtach:** Is ceart a thabhairt faoi deara gurb é atá i gceist le baol i gcomhthéacs na measúnachta riosca seo ná an riosca “diobhála” mar a shainmhíntear é san Acht um Thús Áite do Leanai 2015 agus nach é an riosca ginearálta i leith sláinte agus sábháilteachta atá i gceist. Leagtar amach an tsainmhiniú ar an “diobháil” i gCaibidil 4 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanai do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.

Agus é ag tabhairt faoin measúnacht riosca seo, tá gach dícheall déanta ag an mbord bainistíochta chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscaí diobhála atá ábhartha don scoil agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun gach riosca atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca diobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht riosca seo ar bun ag an scoil chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

Chuir an Bord Bainistíochta an mheasúnacht riosca seo i gcrích ar **27 Feabhra 2018**. Athbhreithneofar é mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Ráiteas na Scoile maidir le Cumhdach Leanaí.

Síniú Caoimhín Ó Catháin Dáta: **27 Feabhra 2018**

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú Dailís Ó hUighe Dáta: **27 Feabhra 2018**

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta